Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 13 Meán Fómhair 2018
(OR. en)

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2018/0328(COD)**

**12104/18**
**ADD 5**

**CYBER 187**
**TELECOM 282**
**CODEC 1456**
**COPEN 290**
**COPS 313**
**COSI 190**
**CSC 252**
**CSCI 123**
**IND 239**
**JAI 874**
**RECH 374**
**ESPACE 39**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ard-Rúnaí an Choimisiúin Eorpaigh,<br>arna shíniú ag Jordi AYET PUIGARNAU, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 12 Meán Fómhair 2018 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | SWD(2018) 404 final |
| Ábhar: | DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR a ghabhann leis an doiciméad TOGRA LE hAGHAIDH RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena mbunaítear an Lárionad Eorpach um Inniúlachtaí Tionsclaíochta, Teicneolaíochta agus Taighde Cibearshlándála agus Líonra na Lárionad Comhordúcháin Náisiúnta |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad SWD(2018) 404 final.

---

Faoi iamh: SWD(2018) 404 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 12.9.2018
SWD(2018) 404 final

**DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN**

**ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR**

***a ghabhann leis an doiciméad***

# TOGRA LE hAGHAIDH RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

**lena mbunaítear an Lárionad Eorpach um Inniúlachtaí Tionsclaíochta, Teicneolaíochta agus Taighde Cibearshlándála agus Líonra na Lárionad Comhordúcháin Náisiúnta**

{COM(2018) 630 final} - {SEC(2018) 396 final} - {SWD(2018) 403 final}

| Bileog Achoimre Feidhmiúcháin |
|---|
| Measúnú tionchair ar an: Togra maidir leis an Líonra de Lárionad Eorpach um Inniúlachtaí Tionsclaíochta, Teicneolaíochta agus Taighde Cibearshlándála a chruthú |
| **A. An gá atá le beart** |
| **Cén fáth? Cén fhadhb a bhfuiltear ag díriú uirthi?** |
| Tá acmhainneachtaí tionsclaíocha agus teicneolaíocha leordhóthanacha fós de dhíth ar an Aontas faoi láthair chun go mbeidh sé in ann a gheilleagar agus a bhonneagair chriticiúla a chosaint as a stuaim féin agus ionas go mbeidh sé ina cheannródaí domhanda i réimse na cibearshlándála. Is é is aidhm don tionscnamh seo tacú le dul i ngleic leis na fadhbanna seo a leanas agus ar na nithe is mó a imríonn tionchar ar chúrsaí mar atá siad i láthair na huaire:<br>**Fadhb 1:** Leibhéal neamhleor infheistíochta sa chomhordú agus sa chomhar straitéiseach inbhuanaithe idir lucht tionscail, pobail taighde cibearshlándála agus rialtais chun an geilleagar, an tsochaí agus an daonlathas a chosaint le réitigh chibearshlándála cheannródaíocha;<br>**Fadhb 2:** Tearc-infheistíocht agus rochtain theoranta ar fhios gnó, scileanna agus saoráidí cibearshlándála ar fud na hEorpa;<br>**Fadhb 3:** Gan ach beagán torthaí ar thaighde agus nuálaíocht cibearshlándála Eorpach á n-iompú ina réitigh indíolta agus á n-úsáid go forleathan i ngach cuid den gheilleagar.<br>Tá roinnt cúiseanna foluiteacha leis na fadhbanna sin lena n-áirítear leibhéal neamhleor muiníne idir na gníomhaithe éagsúla sa mhargadh cibearshlándála, teorainneacha bunúsacha a bhaineann leis an gcomhar agus leis na sásraí comhthiomsaithe cistiúcháin atá ann cheana, an easpa creata le haghaidh soláthar comhpháirteach do bhonneagar cibearshlándála costasach agus réitigh/táirgí cibearshlándála mar aon le poitéinseal i sásraí brú agus tarraingthe sa mhargadh a fhágtar gan úsáid. |
| **Cad leis a bhfuiltear ag súil ón tionscnamh seo?** |
| Is é is aidhm don tionscnamh a áirithiú go gcoinneoidh an tAontas na hacmhainneachtaí riachtanacha (teicneolaíocha agus tionsclaíocha) agus go ndéanfaidh sé forbairt orthu chun an geilleagar, an tsochaí agus an daonlathas digiteach a chosaint as a stuaim féin, agus go mbainfidh na Ballstáit tairbhe as na réitigh chibearshlándála agus na cumais chibearchosanta is ardfhorbartha. Is é is aidhm don tionscnamh freisin cur le hiomaíochas domhanda chuideachtaí cibearshlándála an Aontais agus a áirithiú go mbeidh rochtain ag tionscail Eorpacha in earnálacha éagsúla ar na hacmhainneachtaí agus na hacmhainní a bheidh de dhíth chun buntáiste iomaíoch a bhaint as an gcibearshlándáil. Ba cheart go bhféadfaí an méid sin a bhaint amach trí shásraí éifeachtacha a fhorbairt le haghaidh comhar straitéiseach fadtéarmach idir na gníomhaithe ábhartha uile (údaráis phoiblí, an lucht tionscail, an pobal taighde sna hearnálacha sibhialta agus cosanta araon), acmhainní agus eolas a chomhthiomsú chun cumais agus bonneagair cheannródaíocha a chur ar fáil, úsáid fhorleathan táirgí agus réitigh chibearshlándála Eorpacha a spreagadh i ngach cuid den gheilleagar agus den earnáil phoiblí, cuidiú le gnólachtaí nuathionscanta agus FBManna cibearshlándála agus cuidiú an bhearna scileanna in earnáil na cibearshlándála a líonadh. |
| **Cad é an breisluach atá le beart a dhéanamh ar leibhéal an Aontais?** |
| Chuirfeadh an tionscnamh breisluach leis na hiarrachtaí atá á ndéanamh faoi láthair trí chuidiú le héiceachóras taighde agus tionsclaíoch cibearshlándála idirnasctha a chruthú ar fud na hEorpa. Ba cheart comhar níos fearr a spreagadh idir na geallsealbhóirí ábhartha (lena n-áirítear earnálacha sibhialta agus cosanta na cibearshlándála) chun an leas is fearr is féidir a bhaint as na hacmhainní agus an saineolas cibearshlándála atá ar fáil atá ar fáil cheana ar fud na hEorpa. Ba cheart don Aontas agus do na Ballstáit dearcadh straitéiseach, réamhghníomhach, níos fadtéarmaí a ghlacadh i leith an bheartais thionsclaíoch cibearshlándála, dearcadh nach mbainfeadh leis an taighde agus an bhforbairt amháin. Ba cheart go gcuideofaí leis an gcur chuige seo teacht ar réitigh cheannródaíocha ar na dúshláin chibearshlándála atá roimh na hearnálacha príobháideacha agus poiblí agus go dtacófaí leis na réitigh sin a chur in úsáid go héifeachtach. Ina theannta sin beidh pobail thionsclaíocha agus taighde mar aon le húdaráis phoiblí in ann rochtain a fháil ar acmhainneachtaí tábhachtacha amhail saoráidí tástála agus turgnamhaíochta, rud nach minic a mbíonn sé d'acmhainn ag na Ballstáit aonair a dhéanamh toisc |

nach leordhóthanach na hacmhainní airgeadais agus daonna a bhíonn acu. Cuideoidh sé chomh maith leis an mbearna scileanna a líonadh agus le himirce daoine oilte a sheachaint trína áirithiú go mbeidh rochtain ag na hoibrithe is mó tallann ar thionscadail mhórscála Eorpacha agus ar an gcaoi sin dúshláin ghairmiúla spéisiúla a chur orthu. Meastar go bhfuil an méid seo riachtanach chun go bhféachfar ar an Eoraip mar cheannródaí i réimse na cibearshlándála.

## B. Réitigh

**Cad iad na roghanna beartais reachtacha agus neamhreachtacha a breithníodh? An bhfuil rogha thosaíochta ann nó nach bhfuil? Cén fáth?**

Breithníodh roinnt roghanna beartais, idir reachtach agus neamhreachtach. Coinníodh na roghanna beartais seo ionas go ndéanfaí measúnú cuimsitheach orthu:

1. **An cás bonnlíne** – Rogha Chomhoibríoch – glactar leis go leanfar den chur chuige atá ann faoi láthair maidir le hacmhainneachtaí cibearshlándála tionsclaíocha agus teicneolaíocha a fhorbairt san Aontas trí thacaíocht a thabhairt do thaighde agus nuálaíocht agus do shásraí comhoibrithe gaolmhara faoin gClár Fís Eorpach;
2. **Rogha 1:** Líonra Inniúlachta Cibearshlándála a bhfuil Lárionad Eorpach um Inniúlachtaí Taighde, Teicneolaíochta agus Tionsclaíocha Cibearshlándála ag gabháil leis ag a mbeidh an chumhacht bearta a dhéanamh chun tacú le teicneolaíochtaí tionsclaíocha agus i réimse an taighde agus na nuálaíochta;
3. **Rogha 2:** Líonra Inniúlachta Cibearshlándála a bhfuil Lárionad Inniúlachta um an Taighde Cibearshlándála ag gabháil leis agus atá teoranta do ghníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta;

Ar na roghanna a caitheadh i dtraipisí ar chéim luath bhí 1) Gan aon ghníomh a dhéanamh; 2) Líonra d'ionaid inniúlachta atá ann cheana, agus é sin amháin; agus 3) Gníomhaireacht atá ann cheana a úsáid (ENISA, REA nó INEA).

De bhrí go bhfuil an Coimisiún tiomanta cheana féin don tionscnamh seo agus i bhfianaise an róil thábhachtaigh a bheidh ag na Ballstáit i gcur chun cinn an tionscnaimh, de réir na mionanailíse a rinneadh is é a raon feidhme mar a léirítear é ina mbonn dlí an príomh-idirdhealú atá idir an dá rogha beartais: dhéanfadh eintiteas bunaithe ar Airteagal 187 CFAE, agus air sin amháin (Rogha 2) an tionscnamh a theorannú do réimse an taighde agus na nuálaíochta, agus thuigfí uaidh sin de ghnáth go bhfaighfí ranníocaíocht airgeadais ó ghníomhaithe príobháideacha. Eintiteas bunaithe ar bhonn dlí dúbailte – Airteagal 187 CFAE agus Airteagal 173 CFAE (Rogha 1) – ar an taobh eile, chiallódh sin go mbeadh, *inter alia*, sainordú níos leithne ann lena gcumhdófaí chomh maith cur in úsáid agus tacaíocht thionsclaíoch agus sineirgíochtaí níos láidre leis an gcibearchosaint. Thabharfaí leis sin ról níos tábhachtaí do na Ballstáit, bíodh sé ó thaobh an róil a bheidh ag gach Ballstát sa rialachas agus, ina theannta sin, a ról mar sholáthraí a d'fhéadfadh teicneolaíocht cibearshlándála a chur ar fáil.

Léiríodh leis an anailís gurbh í Rogha 1 is oiriúnaí le cuspóirí an tionscnaimh a chomhlíonadh agus, san am céanna, an tionchar eacnamaíoch, sochaíoch agus comhshaoil is airde a bheith aige agus leasanna an Aontais a choimirciú. Ar na príomhargóintí atá i bhfách leis an rogha sin, tá an tsolúbthacht lena dtugtar deis samhlacha comhair éagsúla a bheith ann lena n-úsáid ag an bpobal agus ag an líonra de lárionaid inniúlachta chun an leas is fearr a bhaint as an eolas agus na hacmhainní atá ann faoi láthair; an cumas an comhar idir na geallsealbhóirí príobháideacha agus poiblí ó na hearnálacha ábhartha uile, lena n-áirítear an chosaint, a struchtúrú; an cumas fíorbheartas cibearshlándála tionsclaíoch a fhorbairt trí thacaíocht a thabhairt do ghníomhaíochtaí a bhaineann ní hamháin le taighde agus forbairt ach leis an gcur in úsáid ar an margadh freisin. Ar deireadh, rud atá tábhachtach freisin, le Rogha 1 is féidir an comhleanúnachas a mhéadú trí ghníomhú mar shásra cur chun feidhme do chistiú cibearshlándála ón gClár don Eoraip Dhigiteach agus ón gClár Fís Eorpach, agus trí fheabhas a chur ar shineirgíochtaí idir na gnéithe sibhialta agus cosanta den chibearshlándáil i dtaca leis an gCiste Eorpach Cosanta.

**Na páirtithe leasmhara éagsúla agus na bearta is rogha leo**

De réir thorthaí an chomhairliúcháin agus na bpróiseas bailithe fianaise, is léir go bhfuil éileamh ann sásra a bheith ag pobail taighde agus tionscail araon lena gcuirfear ar chumas an Aontais beartas cibearshlándála comhleanúnach a bheith aige, beartas nach mbeidh teoranta do ghníomhaíochtaí taighde agus forbartha ionas go mbeadh an Eoraip ina ceannródaí domhanda i réimse na cibearshlándála. San am céanna, chun go n-éireodh leis an mbeart, chuir na geallsealbhóirí béim ar a thábhachtaí agus a bhí sé ról dea-shainithe a bheith ag an lárionad

maidir le hiarrachtaí an líonra agus na bpobal lena mbaineann a éascú agus tacú leo agus, ina theannta sin, agus, ina theannta sin, cur chuige comhoibríoch ionchuimsitheach a áirithiú i leith an líonra chun smaointeoireacht na tearc-chumarsáide a sheachaint. Ba cheart an struchtúr a bheith solúbtha chomh maith sa chaoi gur fusa é a oiriúnú do thimpeallacht mhearathraitheach na cibearshlándála. Le linn an phróisis comhairliúcháin, leag na Ballstáit béim ar a riachtanaí atá sé a bheith oscailte do gach Ballstát agus do na hionaid barr feabhais agus inniúlachta atá iontu cheana agus aird faoi leith a thabhairt maidir le comhlántacht a bheith ann maidir le gníomhaíochtaí. I dtaca leis an Lárionad go háirithe, leag na Ballstáit béim ar thábhacht an róil comhordúcháin a bheadh aige chun tacú leis an líonra. Dá bhrí sin, níor mhór, i gcás tionscnamh ar bith de chuid an Choimisiúin, an chothromaíocht cheart a aimsiú sna struchtúir rialachais agus chur chun feidhme agus an chothromaíocht sin a léiriú chun comhordú éifeachtach ar an leibhéal Eorpach a áirithiú agus, san am céanna, forbairtí ar an leibhéal náisiúnta a chur san áireamh.

## C. Tionchar na rogha tosaíochta

**Cad iad buntáistí na rogha tosaíochta (más ann di; murab ann, cad iad buntáistí na bpríomhroghanna)?**

Leis an rogha thosaíochta, ceadófar d'údaráis phoiblí agus do lucht tionscail sna Ballstáit cibearbhagairtí a chosc agus freagairt dóibh trí tháirgí agus réitigh atá níos sláine a chur ar fáil agus leas a bhaint astu. Tá an méid sin bainteach go háirithe leis an rochtain ar sheirbhísí riachtanacha a chosaint (e.g. iompar, sláinte, seirbhísí baincéireachta agus airgeadais). Bheadh tionchar deimhneach aige ar iomaíochas an Aontais agus ar FBManna toisc go dtuigtear uaidh go gcruthófar sásra lena bhféadfar acmhainneachtaí tionsclaíocha cibearshlándála na mBallstát agus an Aontais a fhorbairt agus barr feabhais eolaíoch na hEorpa a iompú ina réitigh indíolta a d'fhéadfaí a chur in úsáid i ngach cuid den gheilleagar. Leis an rogha seo, ceadaítear acmhainní a chomhthiomsú chun infheistíocht a dhéanamh in acmhainneachtaí riachtanacha ar leibhéal na mBallstát agus sócmhainní comhroinnte a fhorbairt agus, san am céanna, barainneachtaí scála a bhaint amach. Is dócha go dtiocfaidh as sin méadú ar an rochtain ar na saoráidí sin do FBManna, mar aon le lucht tionscail agus lucht taighde, rud a spreagfaidh an nuálaíocht agus a ghiorróidh na próisis forbartha. Ina theannta sin, laghdófar na costais do roinnt gnólachtaí ar thaobh an éilimh agus cuideofar leo buntáiste iomaíoch a bhaint as an gcibearshlándáil. Leis an rogha sin, is féidir leas a bhaint as deiseanna margaidh dé-úsáide trína cheadú do na pobail chosanta agus shibhialta a bheith ag obair i gcomhar le chéile ar dhúshláin a mbeidh orthu araon dul i ngleic leo. Ina theannta sin, is dócha go gcuirfidh sé sin breisluach leis na hiarrachtaí náisiúnta aghaidh a thabhairt ar an mbearna scileanna in earnáil na cibearshlándála. Ar leibhéal an Aontais, is féidir leis an rogha sin feabhas a chur ar an gcomhleanúnachas agus ar na sineirgíochtaí idir na sásraí cistiúcháin éagsúla.

D'fhéadfaí tionchar deimhneach indíreach a imirt ar an gcomhshaol trí réitigh chibearshlándála shonracha a fhorbairt d'earnálacha a d'fhéadfadh tionchar mór a bheith acu ar an gcomhshaol (e.g. stáisiúin chumhachta núicléacha) trí chabhrú leo na hiarmhairtí treascracha a d'fhéadfadh a bheith ag baint le hionsaithe slándála ar an gcineál bonneagair sin a sheachaint.

**Cad iad costais na rogha tosaíochta (más ann dóibh; murab ann, cad iad costais na bpríomhroghanna)?**

Baineann costais na rogha tosaíochta den chuid is mó leis na costais a bhaineann le feidhmiú an Lárionaid agus na Lárionad Comhordúcháin Náisiúnta. Tá na costais a bhaineann le cur chun feidhme na gclár cistiúcháin éagsúil (an Clár don Eoraip Dhigiteach agus an Clár Fís Eorpach) faoi réir Measúnuithe Tionchair ar leithligh.

**Cén difear a dhéanfar do ghnólachtaí, do FBManna agus do mhicrifhiontair?**

Cuideachtaí cibearshlándála Eorpacha, ar thaobh an éilimh agus ar thaobh an tsoláthair araon, lena n-áirítear FBManna agus micrifhiontair a oibríonn i réimse na cibearshlándála, beidh siad sin ar na grúpaí geallsealbhóirí is mó a mbeidh tionchar orthu. Cé nach leagfaidh bunú an lárionaid inniúlachta agus an líonra oibleagáidí rialála orthu, tabharfar deiseanna dóibh costais a laghdú i leith dearadh táirgí nua agus cuideofar leo rochtain níos éasca a fháil ar an bpobal infheisteoirí agus an cistiú is gá a mhealladh chun réitigh indíolta a chur in úsáid. I gcás FBManna agus micrifhiontar, is tábhachtaí fós rochtain a bheith acu ar shaoráidí tástála agus turgnamhaíochta a fhaigheann cistiú poiblí toisc go mbíonn acmhainní de dhíth orthu chun an bonneagar riachtanach a cheannach nó chun taisteal lasmuigh dá margadh féin (agus lasmuigh den Aontas go minic) chun teacht ar an mbonneagar sin. Chomh maith leis sin, tá súil go n-osclófar leis an tionscnamh margaí do FBManna agus do mhicrifhiontair atá gníomhach i réimse na cibearshlándála. Ina theannta sin, áiritheofar leis an sásra a roghnófar comhordúchán idir

lucht taighde agus lucht tionscail agus, dá bharr sin, stiúrfar na hiarrachtaí taighde i dtreo riachtanais thionsclaíocha nithiúla. Agus trí bhíthin saineolas agus uirlisí cibearshlándála ceannródaíocha a chur ar fáil, tacófar go hindíreach le hoibreoirí eacnamaíocha an Treoir maidir le Slándáil Líonra agus Faisnéise a chomhlíonadh.

**An imreofar tionchar suntasach ar bhuiséid náisiúnta agus ar údaráis riaracháin náisiúnta?**

A bhuí leis an tionscnamh, cumasófar do na Ballstáit infheistíochtaí i mbonneagar cibearshlándála riachtanach ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal Eorpach a chomhordú. Leis an sásra féadfar acmhainní le haghaidh uirlisí agus bonneagar a chomhthiomsú.Mura ndéanfaí an comhthiomsú sin, bheadh na hacmhainní sin níos costasaí nó ní bheadh sé d'acmhainn ag na Ballstáit iad a cheannach astu féin. D'fhágfadh cur chuige den sórt sin go bhféadfaí barainneachtaí scála agus cuíchóiriú a bhaint amach. Ba cheart ranníocaíocht airgeadais agus gníomhaíochtaí ábhartha na mBallstát leis an Lárionad Inniúlachta a bheith ar chomhchéim le rannchuidiú an Aontais.

**An mbeidh aon tionchar suntasach eile i gceist?**

Go deimhin, is soiléir go mbeidh tionchar deimhneach ag an tionscnamh toisc gur dealraitheach go dtiocfaidh méadú mór dá bharr ar acmhainneachtaí na mBallstát a ngeilleagar a chosaint as a stuaim féin, lena n-áirítear na hearnálacha criticiúla a chosaint, cur le hiomaíochas ghnólachtaí agus thionscail chibearshlándála na hEorpa in earnálacha éagsúla, rud a fhágfaidh go mbeidh na comhlachtaí sin in ann na sócmhainní atá acu cheana a chosaint go hiomchuí agus táirgí nuálacha slána a dhearadh agus, san am céanna, costais taighde agus deartha slándáilbhunaithe a laghdú. I ngeall air sin, ba cheart go gceadófaí don Aontas a bheith ina cheannródaí ar an gcéad ghlúin eile de theicneolaíochtaí digiteacha agus cibearshlándála.

## D. Obair leantach

**Cathain a dhéanfar athbhreithniú ar an mbeartas?**

Cuirfear san áireamh san ionstraim dlí clásal sainráite lena ndéanfar faireachán ar na príomhtháscairí feidhmíochta mar aon le clásal meastóireachta agus athbhreithnithe lena ndéanfaidh an Coimisiún Eorpach meastóireacht eatramhach chun tionchar na hionstraime agus a breisluach a thomhas. Cuirfidh an Coimisiún Eorpach tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle ina dhiaidh sin. Tar éis na meastóireachta sin féadfaidh an Coimisiún a mholadh go ndéanfaí athbhreithniú ar shainordú an Lárionaid Inniúlachta agus go gcuirfí síneadh ama leis an sainordú sin.